Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8185/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0152/A(COD)**

**VISA 58**
**FRONT 115**
**MIGR 122**
**IXIM 76**
**SIRIS 29**
**COMIX 165**
**DELACT 48**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 2260 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.4.2023 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta réamhshocraithe de shlite beatha chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 2260 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 2260 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.4.2023
C(2023) 2260 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.4.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta réamhshocraithe de shlite beatha chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

An 7 Iúil 2021, glacadh dhá Rialachán lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le malartú faisnéise idir na Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe. Is iad an dá Rialachán sin Rialachán (AE) 2021/1134 chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú, agus Rialachán (AE) 2021/1152 a mhéid a bhaineann le coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil.

Leis an Rialachán leasaithe VIS, ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Go háirithe, de bhun Airteagal 9, an tríú mír de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, tarmligtear an cúram don Choimisiún an liosta réamhshocraithe de shlite beatha (grúpaí poist) a leagan síos.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bunaíodh grúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála – Foghrúpa maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí. Tugadh deis do gach Ballstát saineolaithe a ainmniú chun bheith rannpháirteach san Fhoghrúpa VIS den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise le haghaidh Teorainneacha agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 48a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtaíocht Níos Fearr. Dá thoradh sin, forbraíodh an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún ar bhonn an ionchuir a thug saineolaithe ó na Ballstáit faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe a luaitear thuas.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe sin den chéad uair an 24 Meán Fómhair 2021. Chomh maith leis sin, tugadh deis do na saineolaithe barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil don Choimisiún. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas, cuireadh leagan athbhreithnithe den Rialachán seo faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe an 24 Meán Fómhair 2022. An 23 Eanáir 2023, rinneadh tuilleadh plé ar an dréacht agus tugadh cothrom le dáta é dá réir, agus ina dhiaidh sin mheas na saineolaithe agus an Coimisiún gur téacs críochnaitheach a bhí ann.

Ina theannta sin, fuair an Coimisiún comhairle ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (‘eu-LISA’) maidir le riachtanais theicniúla agus indéantacht an bhirt atá beartaithe.

Chomh maith leis sin, chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sular glacadh an gníomh chun a áirithiú go n-urramófar na forálacha um Chosaint Sonraí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (4)(l) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, beidh an tslí bheatha reatha (grúpa poist), a thógfar ón bhfoirm iarratais, sna sonraí a bheidh le

hiontráil sa chomhad iarratais. Cuirfidh an t-údarás víosaí an ghairm isteach sa chomhad iarratais tríd an tslí bheatha a chuir an t-iarratasóir ar fáil a roghnú ó liosta réamhshainithe de shlite beatha. Tá an Coimisiún le gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an liosta réamhshocraithe sin de shlite beatha (grúpa poist) a shainiú.

Tá an Rialachán seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a mhéid a bhfuil sé teoranta sa chaoi nach féidir a iarraidh leis ach an t-íosmhéid faisnéise a theastaíonn chun slí bheatha an iarratasóra a shuí.

Tá an Rialachán gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE[1].

Tá an Rialachán gan dochar do Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe[2].

---

[1] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

[2] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.4.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta réamhshocraithe de shlite beatha chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le faisnéis a mhalartú idir Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (Rialachán VIS)[3], agus go háirithe Airteagal 9, an tríú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 bunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus sainítear cuspóir agus feidhmiúlachtaí an chórais agus na freagrachtaí a bhaineann leis. Leis an Rialachán sin, leagtar amach coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le malartú sonraí idir na Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe.

(2) Mar chuid den fhoirm iarratais le haghaidh víosaí gearrfhanachta atá le líonadh isteach ag gach iarratasóir, tá sé de cheanglas ar iarratasóirí sonraí pearsanta a bhaineann lena slí bheatha reatha a sholáthar. Agus sonraí á n-iontráil sa chomhad iarratais de bhun Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, tá an tslí bheatha le cur isteach tríd an tslí bheatha a roghnú ó liosta réamhshocraithe de shlite beatha (grúpa poist).

(3) Dá bhrí sin, ba cheart liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a leagan síos chun críocha VIS. Ba cheart an t-Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha (ISCO) arna ghlacadh ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair a úsáid le haghaidh an liosta. Chun a áirithiú go bhfuil na sonraí maidir le slite beatha na n-iarratasóirí sonrach a ndóthain, ba cheart ceangal a bheith ar an údarás víosaí grúpaí poist a roghnú a chomhfhreagraíonn do leibhéal 2 ar a laghad (fo-mhórghrúpa) den Chaighdeán, ach a chomhfhreagraíonn do leibhéal 3 (mionghrúpa) nó do leibhéal 4 (grúpa aonaid) freisin, má tá siad ar fáil.

(4) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an réimse sonraí maidir le slí bheatha reatha an iarratasóra sa chomhad iarratais VIS nach dtaispeánfar ach na roghanna ábhartha agus go gcuideofar go gníomhach leis an údarás víosaí an grúpa poist a aimsiú trí roghanna a scagadh ar bhonn roghnúcháin a rinneadh roimhe sin.

---

[3] IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

(5) Tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, ar baill teaghlaigh iad le saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] maidir leo nó baill teaghlaigh náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar an taobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile, agus nach bhfuil cárta cónaithe acu de bhun Threoir 2004/38/CE. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart feidhm a bheith ag an liosta réamhshocraithe de shlite beatha reatha (grúpaí poist) maidir le baill teaghlaigh náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhithe iad féin den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith.

(6) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg fógra i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le Rialachán (AE) 2021/1134 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Danmhairg faoi cheangal ag an Rialachán seo.

(7) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu[6]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[7], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[8].

(9) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a

---

[4] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

[5] Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

[6] Ní thagann an Rialachán seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

[7] IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

[8] Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

fhorbairt[9], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[10].

(10) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[11], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[12].

(11) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] agus thug sé tuairim uaidh an 2 Nollaig 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*
### *Slí bheatha faoi láthair*

1. De bhun Airteagal 9, an chéad mhír, pointe (4)(l) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, chun réimse sonraí na slí beatha reatha sa chomhad iarratais a líonadh isteach, roghnóidh an t-údarás víosaí ceann amháin de na roghanna seo a leanas:

   (a) fostaithe;

   (b) féinfhostaithe;

---

9 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

10 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

11 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

12 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

13 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(c) dífhostaithe / gan phost;

(d) ar scor;

(e) mac léinn.

2. I gcás ina roghnóidh an t-údarás víosaí pointe (a) nó pointe (b) de mhír 1, roghnóidh an t-údarás víosaí slí bheatha reatha an iarratasóra ón liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a leagtar síos san Iarscríbhinn.

3. I gcás ina roghnóidh an t-údarás víosaí pointe (c), (d) nó pointe (e) de mhír 1, ní roghnóidh an t-údarás víosaí aon slí bheatha ón liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a leagtar síos san Iarscríbhinn.

4. I gcás inar mionaoiseach an t-iarratasóir, ní bheidh ach na roghanna i mír 1, pointí (a), (b), (c) nó (e) le feiceáil agus le fáil lena roghnú.

5. Cuideoidh an réimse sonraí maidir le slí bheatha reatha an iarratasóra sa chomhad iarratais VIS leis an údarás víosaí an grúpa poist ábhartha a aimsiú trí roghanna a scagadh ar bhonn na roghanna a roghnaíodh roimhe sin.

***Airteagal 2***
***Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na forálacha sa Rialachán seo ó dháta thús oibríochtaí VIS de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.4.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*